28. An bhfuil aon ábhar léitheoireachta breise a bheadh úsáideach dom a bhaineann le forbairt agus seandálaíocht?

Is féidir na foilseacháin seo a leanas, chomh maith le bileoga eile a bhaineann le pleanáil a íoslódáil ó shuíomh idirlín na Roinne www.environ.ie:

- Irish Field Monuments
- Earthen Banks and Broken Walls
- A Guide to Protected Buildings
- Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage
- Policy and Guidelines on Archaeological Excavation

Leagtar síos an dlí a rialaíonn an córas pleanála san Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú) agus sna Rialacháin Phleanála agus Forbartha lena mbaineann.

Leagtar síos an dlí a rialaíonn cosaint na hoidhreachta ailtireachta in Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004) Is féidir cóipeanna a fháil ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath nó ag www.irishstatutebook.ie.

29. Cá bhfaighidh mé eolas ar Struchtúir Chosanta agus Foirgnimh Liostaithe?

Is féidir eolas ar an oidhreacht ailtireachta a aimsiú i mbileog PL 12 sa tsraith seo. Tá an bhileog seo ar fáil ó shuíomh idirlín na Roinne www.environ.ie faoi Fhoilseacháin nó is féidir cóip a fháil ón Rannán Pleanála, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Teach Custaim, Baile Átha Cliath 1 (01-8882000 nó lóghlao 1890 20 20 21).

Is iad na bileoga atá sa sraith seo ná:

Treoir do Chead Pleanála	PL.1
Iarratas Pleanála a dhéanamh	PL.2
Tuairimíocht ar Iarratas Pleanála a chur in iúl	PL.3
Teach a Thógáil – na Ceisteanna Pleanála	PL.4
Obair a dhéanamh thart faoin Teach - na Ceisteanna Pleanála	PL.5
Talmhaíocht agus Forbairt Feirme - na Ceisteanna Pleanála	PL.6
Pleanáil do Lucht Gnó	PL.7
An Plean Forbartha	PL.8
Measúnacht ar Thionchar Timpeallachta	PL.9
Achomharc Pleanála a Dhéanamh	PL.10
Treoir do na Rialacháin Fhoirgníochta	PL.11
Treoir don Oidhreacht Ailtireachta	PL.12
An tSeandálaíocht sa Phróiseas Pleanála	PL.13

This leaflet is also available in English.

PL. 13
August, 2006.

22. Céard is Tochailt Seandálaíochta ann?

Is ionann tochailt seandálaíochta agus sraitheanna ithreach, sil-leaganacha, struchtúir agus iarsmaí a thaifeadadh agus a bhaint go córasach faoi chúram seandálaí cáilithe. Toisc go mbaineann milleadh leis an tochailt seandálaíochta is amhlaidh a chaithfear a bheith an-chúramach ina bun, ionas go mbeidh gach eolas, is cuma faoina ábharthacht ná a soiléire láithreach, ar fáil nuair a bhíonn an láithreán imithe den saol. Is in é an fáth a thugtar caomhnú trí thaifead air. Tá anailís iar-thochailte m.sh. dátú radacarbóin, caomhnú torthaí seandálaíochta, stóráil cheart d'ábhair sheandálaíochta agus foilsiú thorthaí na tochailte go léir mar chuid lárnach den phróiseas.

23. Cé a dhéanann an Tochailt Seandálaíochta?

Is seandálaithe leis na cáilíochtaí cuí acu, ag feidhmiú le ceadúnas nó de réir treoracha a d'eisigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a dhéanann tochailtí ar chúiseanna seandálaíochta. Gníomhaíocht an-oilte is ea tochailt seandálaíochta nua-aimseartha a éilíonn neart saineolais i bhfianaise a aisghabháil, a léiriú agus a fhoilsiú. An fheidhm atá léi ná an t-uasmhéid eolais faoin am atá thart a fháil ón talamh. Tá na hearraí a aimsítear le linn tochailte tábhachtach go príomha mar a gheall ar an ngaol taifeadta atá acu le hábhair, struchtúir, sraitheanna agus gnéithe eile. Tá sé tábhachtach nach ndéanfaidh daoine neamhcháilithe tochailt seandálaíochta; agus má dhéantar fionnachtain trí thimpiste, caithfear gach rud a fhágáil mar atá sé gan an t-ábhar nó gné a nochtadh níos mó, nó gan an limistéar in aice leis a chorraíl nó go ndéanfar scrúdú oifigiúil.

24. Cá bhfaighidh mé Seandálaí?

Fógraíonn go leor seandálaithe agus comhairleach seandálaíochta sa Golden Pages agus sna meáin eile. Cuireann Rannán na Séadchomharthaí Náisiúnta liosta le chéile de sheandálaithe atá cáilithe le cur isteach ar cheadúnais tochailte. Tá sé sin ar fáil ó Rannán na Séadchomharthaí Náisiúnta, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 (01-8882000 nó lóghlao 1890 20 20 21).

25. Cé a íocann as na costais a bhaineann le sásamh na gcoinníollacha pleanála i leith na seandálaíochta?

Ar aon dul le beartas náisiúnta is é an forbróir a íocann as an gcostas a bhaineann le tionchar oibreacha forbartha ar sheandálaíocht a mheas agus a mhaolú chun sásamh na gcoinníollacha pleanála.

26. An liomsa déantáin a nochtar le linn tochailtí ar mo láithreán?

Ní leatsa iad. De réir an dlí is leis an Stát aon ábhar seandálaíochta a aimsítear sa Stát agus nach bhfuil aithne ar an úinéir. Ciallaíonn sé seo gur leis an Stát déantáin a fhaightear le linn tochailtí seandálaíochta. Faigheann Ard-Mhúsaem na hÉireann déantáin a aimsítear le linn tochailtí ceadaithe, nuair atá an anailís iarthochailte agus an saothar caomhnaithe is gá déanta.

27. Céard a dhéanfaidh mé má aimsímse ábhar nó láithreán féideartha seandálaíochta ar mo shuíomh nó ar m'áitreabh?

Má aimsíonn tú ábhar seandálaíochta nó séadchomhartha a bhí anaithnid go dtí sin ar d'áitreabh, cuir in iúl é don Stiúrthóir d'Ard-Mhúsaem na hÉireann nó do Rannán na Séadchomharthaí Náisiúnta RCORA, agus tabhair d'ainm, seoladh agus cur síos gairid ar an ábhar nó an láithreán agus ar a shuíomh. Ba chóir duit an t-ábhar nó láithreán a fhágáil san áit a raibh sé ach amháin má dhealraítear go bhfuil sé i mbaol damáiste nó scriosta láithreach. Fág gach fiosrúchán faoi chúram seandálaithe gairmiúla.

Stiúrthóir d'Ard-Mhúsaem na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath. Fón 01-6777444.

tochailt seandálaíochta. Sa chás, áfach, go bhfuil tionchar ag an iarratas molta ar sheandálaíocht thábhachtach; féadfaidh an t-údarás áitiúil ceadúnas pleanála a dhiúltú.

17. Céard é an scéal más forbairt dhíolmhaithe iad na hoibreacha atá beartaithe agam ag séadchomhartha nó láimh leis?

I gcás go leor mionoibreacha, níl gá le ceadúnas pleanála faoin gcóras pleanála. Tagraítear do na hoibreacha sin mar fhorbairt dhíolmhaithe. Más amhlaidh atá tionchar ag an gcineál oibreacha molta ar shéadchomhartha, áfach, ar Séadchomhartha Náisiúnta é faoi úinéireacht nó caomhnóireacht an Aire nó údaráis áitiúil, nó faoi réir ordú caomhnaithe, nó cuimsithe ar Thaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna; ní mór don úinéir nó don áititheoir atá ag déanamh na n-oibreacha na riachtanais a shásamh maidir le fógra a thabhairt faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (féach cuid 6).

Ba chóir tabhairt faoi deara nach forbairt dhíolmhaithe a thuilleadh í forbairt lena mbaineann tochailt áiteanna, láithreán nó gnéithe atá suimiúil ó thaobh na seandálaíochta de agus atá cosanta ag cuspóir sa phlean forbartha contae nó baile nó dréachtphlean athraithe.

18. An bhfuil crios eadránach caighdeánach timpeall séadchomharthaí faoin tuath nach bhfuil forbairt ceadaithe laistigh de?

Níl. Tá a lán fachtóirí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar leathadh ábhair sheandálaíochta timpeall séadchomhartha, lena n-áirítear cineál agus riocht an tséadchomhartha, an tírdhreach agus an úsáid a baineadh as an talamh roimhe sin. Tá gá le measúnú ar leithligh chun limistéar eadránach nó branair timpeall séadchomhartha a bhunú, ar leor é chun áis agus suíomh an tséadchomhartha a chosaint. Is amhlaidh dá réir a dhéantar gach iarratas pleanála a scrúdú ar leithligh.

19. Cén cineál eolais bhreise i ndáil le seandálaíocht a iarrann an t-údarás pleanála?

Dé ghnáth iarrtar eolas mionsonraithe trína meastar an tionchar is dóichí a bheidh ag an bhforbairt mholta ar an tseandálaíocht. Tagraítear dó seo mar mheasúnacht tionchair sheandálaíochta nó mar 'measúnacht seandálaíochta' amháin Is seandálaí a théann ina bun ar son forbróra mholta, arna mhaoiniú ag an bhforbróir féin.

20. Céard is Measúnacht Seandálaíochta ann?

Is ionann measúnacht seandálaíochta agus fiosrúchán ar shéadchomharthaí, suímh nó limistéir de chumas seandálaíochta aitheanta, amhrasacha nó a bhí neamhaitheanta roimhe sin, chun an tionchar a fhéadfaidh a bheith ag an bhforbairt mholta orthu a mheas.

Ba chóir go mbeadh cur síos i ngach measúnacht ar an tseandálaíocht aitheanta a mhair sa limistéar forbartha agus ar chineálacha na ngnéithe seandálaíochta, nár aithníodh go fóill, a d'fhéadfadh a bheith sa láithreán sin. Bá chóir iad a mheas i leith thionchar na n-oibreacha molta ar sheandálaíocht aitheanta nó réamhthuartha. Féadfaidh measúnachtaí seandálaíochta léiriú go bhfuil gá le tochailt tástála seandálaíochta. Moltar sa nós imeachta measúnachta straitéis a dhearadh chun déileáil le drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag oibreacha forbartha ar an tseandálaíocht.

21. Céard is Tochailt Tástála Seandálaíochta ann?

Is ionann tochailt tástála seandálaíochta agus tochailt ar limistéir chúnga nó stráicí cúnga den láithreán chun fáil amach seandálaíocht a bheith ann nó gan a bheith ann, agus a bunbhrí agus a méid a mheas.

Archaeology in the Planning Process

Tá an bhileog seo mar threoir do thuiscint na nósanna imeachta a bhaineann le beartú saothair fhorbartha a d'fhéadfadh tionchar a fheidhmiú ar ár n-oidhreacht seandálaíochta. Tá sí ceaptha mar threoir phraiticiúil agus ní mar léirmhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht dá dtagraítear.

1. Céard is Seandálaíocht ann?

Is í an tseandálaíocht staidéar eolaíoch ar shochaithe ón anallód, ar a mbéascnaí agus ar a gcaidreamh lena gcomhshaol trí imscrúdú a dhéanamh ar iarsmaí ábhartha ár sinsear. Is í an cuspóir atá leis an tseandálaíocht ná tuiscint a fháil ar conas a chuaigh an cine daonna i ngleic leis an timpeallacht san am atá thart, míniú a fhoirmliú d'fhorbairt cultúr agus an stair sin a chaomhnú do léann an lae inniu agus do léann na todhchaí.

2. Céard is Séadchomharthaí Seandálaíochta ann?

Baineann seandálaithe leas as an bhfocal 'séadchomhartha' chun tagairt a dhéanamh do struchtúir shaorga nó struchtúir aiceanta arna n-athrú ag daoine. Tá raon leathan séadchomharthaí ann ó thaobh scála agus castachta de, idir reilig na dtuamaí pasáiste cháiliúil ag Brú na Bóinne agus ráthanna atá flúirseach go leor. Tá séadchomharthaí níos infheicthe cosúil le caisleáin sonracha, túrthithe, mainistreacha agus séipéil le fáil ar fud na tuaithe. Maireann cosaintí baile ar nós ballaí baile, díoga, geataí agus droichid laistigh de bhailte stairiúla; agus uaireanta maireann tithe, séipéil agus foirgnimh mhargaidh na meánaoiseanna fiú. Tá síl-leaganacha faoin talamh tábhachtach chomh maith ó thaobh na seandálaíochta de. Nochtann na hionaid dumpála bruscair ársa agus suímh áitíochta folaigh seo uaireanta an oiread chéanna eolais faoinár sinsir agus a nochtann foirgnimh mhóra atá fós ina seasamh.

3. An bhfuil gach Séadchomhartha Infheicthe?

Níl fianaise infheicthe ar bith ann i gcás go leor séadchomharthaí. Féadann siad a bheith faoin talamh den chuid is mó agus tagraíonn seandálaithe dóibh mar 'láithreáin'. Féadfaidh nach bhfuil gnéithe infheicthe ag láithreáin seandálaíochta ar dhromchla talún ar chor ar bith; féadfaidh na gnéithe dromchla a bheith meathlaithe ar fad nó aistrithe d'aonghnó, ach féadfaidh síl-leaganacha agus gnéithe seandálaíochta teacht slán faoin talamh. Uaireanta nochtar láithreáin mar seo mar bharrachomhartha infheicthe ón aer, nó léiríonn scaipeadh déantán i dtalamh treafa go bhfuil siad ann; ach i go leor cásanna eile, féadann siad a bheith dofheicthe mura nochtar le corraíl talún iad. Féadann timpeallacht na mbogach (m.sh. tailte portaigh) a bheith an-saibhir ó thaobh láithreáin seandálaíochta de (lena n-áirítear tóchair, córais ghort, agus láithreáin lonnaíochta), ar deacair nó nach féidir iad a aithint ó scrúdú dromchla amháin.

4. Céard é Raon na nDátaí um an tSeandálaíocht in Éirinn.

Is ionann na láithreáin seandálaíochta is luaithe in Éirinn agus rianta beaga de lonnaíochtaí sealadacha iascairí, fiagaithe agus cnuasaitheoirí a thagann slán mar scaipeadh uirlisí cloiche (m.sh. breochloch). Féadann dáta a bheith acu ag deireadh na hOighearaoise deireanaí, timpeall 10,000 bliain ó shin.

5. Cén fáth Ábhar Seandálaíochta a Chosaint agus a Chaomhnú?

Ní hamháin go gcuireann na láithreáin agus séadchomharthaí a mhaireann le saibhreas ár dtírdhreach agus ár mbailedhreach, ach baineann tábhacht ríbhunúsach leo chun an t-am atá thart a thuiscint.
Caithimid bainistiú éagnaí a dhéanamh ar iarsmaí ár sinsir a tháinig slán mar níl ach cuid díobh a mhaireann anuas. Táimid ag brath ar na hiarsmaí a d'fhág lucht na réamhstaire toisc nach raibh taifead scríofa acu le fágáil ina ndiaidh. Cuireann iarsmaí ábhartha go léir na sochaithe atá thart leis an tuiscint atá againn ar na sochaithe sin trí mheán na seandálaíochta. Déantar iarracht leis an tseandálaíocht an leibhéal is fearr eolais agus tuisceana ar shochaithe atá thart a bhaint amach tríd an bhfianaise go léir a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi.

6.An bhfuil Cosaint faoi Dlí do Láithreáin agus Séadchomharthaí?

Tá cosaint ann do gach séadchomhartha seandálaíochta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004. Coinníonn Rannán na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil taifead de na séadchomharthaí agus láithreáin go léir a bhfuil eolas orthu. Cruthaítear leo siúd Taifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna (TSA). Nuair a bheartaíonn úinéir nó áititheoir maoine, nó aon duine eile obair a dhéanamh, nó a thionscain, nó a cheadú ag Séadchomhartha Taifeadta nó i ndáil leis, caithfidh siad fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire 2 mhí sula dtosaíonn an saothar. Ceadóidh an t-achar seo do Rannán na Séadchomharthaí Náisiúnta moladh a thabhairt ar conas a leanfaidh an obair ar aghaidh agus na séadchomharthaí atá i gceist á gcosaint.

Maidir le Séadchomharthaí Náisiúnta faoi úinéireacht nó chaomhnóireacht an Aire nó údaráis áitiúil nó atá faoi réir ag ordú caomhnaithe, teastaíonn toiliú i scríbhinn sula gcuirtear isteach ar an séadchomhartha.

Tagann rialacháin ar leith i bhfeidhm maidir le hoibreacha seandálaíochta a bhfuil baint acu le scéimeanna bóthair atá ceadaithe.

Aithnítear san Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (leasaithe) go gcuimsíonn pleanáil chóir agus forbairt inbhuanaithe cuspóirí i leith chosaint na hoidhreachta seandálaíochta. Féadann pleananna forbartha cuspóirí mar sin a chuimsiú, agus féadann coinníollacha a bhfuil baint acu le seandálaíocht a bheith ceangailte le ceadúnais phleanála faoi leith.

7. Céard is Taifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna ann?

Liosta reachtúil atá i dTaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna (TSA) de na séadchomharthaí seandálaíochta go léir a bhfuil eolas orthu agus dá bhforáiltear in Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Cuimsítear os cionn 120,000 Séadchomhartha Taifeadta sa (TSA). Is ionann an TSA agus tacar léarscáileanna contae foilsithe de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis ina bhfuil séadchomharthaí marcáilte le ciorcal agus leabhar tionlacain a shonraíonn cineál na séadchomharthaí. Caithfear a thabhairt san áireamh nach bhfreagraíonn an ciorcal do mhéid an láithreáin ná an tséad-chomhartha.

Tá an TSA ar fáil in oifigí údaráis phleanála agus i leabharlanna poiblí ar fud na tíre agus in iarsmalanna cathrach/baile chomh maith. Tá leagan iomlán ar fáil chomh maith le breathnú air in Aonad na Cartlainne, Rannán na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 6 Plás Ely Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 ar an Luan (trí réamhchoinne amháin -fón 01-8882000 nó lóghlao 1890 20 20 21). Táthar ag súil go mbeidh sonraí gach séadchomhartha agus gach láithreán ar fáil go luath ar líne ar shuíomh idirlín nua Rannán na Séadchomharthaí Náisiúnta www.archaeology.ie.

8. Cén chaoi a bhfuil fhios agam an gcuimsíonn mo shuíomh forbartha láithreán atá clúdaithe ag ordú caomhnaithe, nó i gcaomhnóireacht nó úinéireacht stáit?

Bíonn fógra ar an láithreán i gcás séadchomharthaí náisiúnta faoi chaomh-nóireacht nó úinéireacht an Stáit a dhearbhaíonn gur Séadchomhartha Náisiúnta é an séadchomhartha agus go bhfuil sé faoi chosaint Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Má chuirtear séadchomhartha faoi Ordú Caomhnaithe, faigheann an t-úinéir/t-áititheoir fógra i scríbhinn.

9. Cén chaoi a bhfuil fhios agam an bhfuil mo shuíomh forbartha molta laistigh nó in aice le Séadchomhartha Taifeadta?

Ba chóir duit breathnú ar na léarscáileanna TSA a bhfuil cur síos orthu thuas ar dtús. Tá na léarscáileanna TSA eagraithe ar bhunús contae, agus ba chóir go mbeifeá in ann do shuíomh forbartha a aithint laistigh den bhaile fearainn chuí, trína ndearbhaítear an bhfuil nó nach bhfuil do shuíomh forbartha gar do shéadchomhartha taifeadta.

10. Má tá mo shuíomh forbartha laistigh nó in aice le láithreán ar an TSA, conas is féidir liom teacht ar eolas mionsonraithe faoi?

Tá an t-eolas go léir atá ar fáil istigh i gcomhad TSA Aonad Cartlainne na Roinne i leith gach séadchomhartha taifeadta sa Stát. Cuimsíonn sé sonraí suímh, ainmneacha léarscáile d'eagráin éagsúla den tSuirbhéireacht Ordanáis agus liosta de thagairtí foilsithe. Áirítear nótaí allamuigh sheandálaithe na Suirbhéireachta Stáit agus grianghraif aerga leis de réir mar a bhíonn fáil orthu. Táthar ag súil go mbeidh sonraí gach séadchomhartha agus gach láithreán ar fáil go luath ar líne ar shuíomh idirlín nua Rannán na Séadchomharthaí Náisiúnta www.archaeology.ie.

Tá Fardail Seandálaíochta foilsithe ag an RCORA. I measc na bhfardal a foilsíodh go dtí seo atá contaetha an Chabháin, Cheatharlach, Chorcaí Thoir agus Theas, Chorcaí Láir, Chorcaí Thuaidh, Chorcaí Thiar, na Gaillimhe Thuaidh, na Gaillimhe Thiar, Laoise, Liatroma, Lú, na Mí, Mhuineacháin, Uíbh Fhailí, Shligigh Theas, Thiobraid Árann Thuaidh, Phort Láirge, Loch Garman agus Chill Mhantáin. Tá siad ar fáil i siopaí leabhair agus sna leabharlanna contae.

Is ionann An tSuirbhéireacht Seandálaíochta Uirbeach agus tuarascáil ar lonnaíochtaí sa chás gur bronnadh stádas buirge ar shráidbhaile, baile nó cathair roimh 1700AD. Cuirtear an tSuirbhéireacht seo i láthair mar shraith d'imleabhair chontae le téacs, léarscáileanna agus líníochtaí suirbhéireachta d'eochairstruchtúir agus grianghraif.

Tá taifid na Roinne go léir thuasluaite ar fáil ó Aonad na Cartlainne, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 6 Plás Ely Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 ar an Luan (trí réamhchoinne amháin - fón 01-8882000 nó lóghlao 1890 20 20 21).Le haghaidh taighde mara is féidir dul i dteagmháil leis an Aonad Seandálaíochta faoi Uisce ag 01-8882000 nó lóghlao 1890 20 20 21.

11. Táimse ag smaoineamh a chur isteach ar cheadúnas pleanála maidir le hoibreacha molta gar do shéadchomhartha sa TSA. Cá féidir liom comhairle a fháil maidir le mo mholtaí sula gcuirfidh mé iarratas pleanála isteach?

Ba chóir duit dul i dteagmháil leis an údarás pleanála cuí sa chéad dul síos. B'fhéidir go dteastaíonn uait freisin sonraí maidir leis an bhforbairt mholta a sheoladh mar fhiosrúchán réamhfhorbartha chuig Aonad na nIarratas Forbartha, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Eiseoidh Aonad na nIarratas Forbartha freagra ina n-imlíneofar aon bhuaireamh atá ann ó thaobh na Roinne de (nóta: eiseofar cóip den fhreagra seo chuig an údarás pleanála cuí freisin).

12. An gá aon rud breise a chur i gcrích le haghaidh mórfhorbairtí?

Tagann mórthionscadail fhorbartha faoi réir Mheasúnú Tionchair Chomhshaoil de réir riachtanais na dTreoracha ábhartha AE. Éilíonn sé sin ar an bhforbróir Ráiteas Tionchair Chomhshaoil a ullmhú ina leagtar amach sonraí an tionscadail agus na tionchair idir mhaith agus olc is dóichí a bheadh ag an bhforbairt ar an gcomhshaol, lena n-áireofaí an tseandálaíocht. Leagfaidh sé síos na bearta atá le glacadh chun aon éifeachtaí diúltacha ar an timpeallacht a sheachaint nó a mhaolú.

13. Má tá forbairt ar an bacáin agam atá gar do Shéadchomhartha Taifeadta, an gcaithfidh mé fógra a thabhairt i scríbhinn díreach chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil?

Faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú) agus na Rialacháin lena mbaineann, caithfidh údarás áitiúil gach iarratas pleanála ag a bhféad-fadh tionchar a bheith nó a bheith ró-ghar do láithreán, séadchomhartha nó gné seandálaíochta a chur faoi bhráid an Aire Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Cé go bhfuil ar úinéir nó áititheoir, nó duine ar bith eile atá ag moladh obair a dhéanamh ag Séadchomhartha Taifeadta nó i ndáil leis, fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire, tá sé mar chleachtas ag an RCORA glacadh le tarchur ó na húdaráis phleanála mar chomhlíonadh ar na riachtanais i dtaobh fógra a thabhairt.

14. Céard a tharlóidh do m'iarratas pleanála sa chás go gcuirfidh údarás pleanála faoi bhráid an RCORA é?

Déanann Aonad na nIarratas Forbartha den RCORA comhordú ar gach moladh forbartha arna dtarchur ag na hÚdaráis Áitiúla. Déantar an t-iarratas pleanála a scrúdú, le tagairt d'fhoinsí seandálaíochta a bhfuil eolas orthu, agus déantar breithmheas maidir leis an gcosúlacht go mbeidh tionchar ag an bhforbairt ar sheandálaíocht agus ar mhéid an tionchair sin. Ar bhunús an bhreithmheasa seo is ea a fhéadfaidh an Roinn freagairt don údarás pleanála trí mheasúnú seandálaíochta a iarraidh orthu nó trí mholadh a dhéanamh coinníollacha pleanála a chuimsiú.

15. Cén sórt coinníollacha i ndáil le seandálaíocht a fhéadfaidh a bheith ceangailte le bronnadh ceadúnais phleanála ón údarás áitiúil?

Féadfaidh difríochtaí a bheith ann idir coinníollacha pleanála ar leithligh. Sa chás go bhfuil eolas mionsonraithe ar fáil ina meastar an tionchair ba dhócha a bheadh ag an bhforbairt mholta ar ábhar seandálaíochta, beidh baint ag na coinníollacha dé ghnáth leis na hoibreacha is gá chun tionchar na forbartha a mhaolú.

D'fhéadfaí go mbainfeadh seachaint na séadchomharthaí nó na ngnéithe seandálaíochta, tochailt, nó caomhnú an tséadchomhartha ar an láithreán (dá dtugtar caomhnú in-situ) leis an gcás. Tagraíonn Caomhnú in-situ do chaomhnú fisiciúil iarbhír láithreáin agus séadchomharthaí seandálaíochta, lena n-áirítear síl-leaganacha, gnéithe agus struchtúir sheandálaíochta.

16. An féidir diúltú do m'iarratas pleanála ar fhorais seandálaíochta?

I gcásanna thar na bearta, nuair nach féidir dochar seandálaíochta tromchúiseach a sheachaint, féadfaidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil moladh nár chóir ceadúnas pleanála a bhronnadh. Is faoin údarás pleanála an cinneadh deireanach pleanála, áfach. Ní tharlóidh diúltú do cheadúnas pleanála i gcás mar seo go dtí go mbíonn gach bealach eile chun drochthionchar ar sheandálaíocht a sheachaint idithe. Is minic atá saoirse laistigh d'iarratas pleanála aonair lena ligean d'athlonnú nó d'athdhearadh chun tionchar díreach ar an tseandálaíocht a sheachaint. Sa chás nach féidir an deis a thapú an t-iarratas a leasú nó a athrú chun seandálaíocht a sheachaint le linn phléite réamhphleanála, is féidir coinníollacha a cheangal leis an iarratas pleanála d'fhonn an tionchar ar sheandálaíocht a mhaolú m.sh. athlonnú na forbartha ar an láithreán nó